

## Clonmore

STASIA DOYLE  
TEL: 059 6471459



# All aboard the day trip to Newry

A DAY TRIP to Newry takes place on Saturday 17 December. Anyone wishing to travel is asked to contact Duffy's Coaches on 64711681.

### ADORATION

Adoration of the Blessed Sacrament takes place in the three churches of the parish during the week as usual.

### BINGO IN HACKETSTOWN

A huge crowd supported the bingo Wednesday 7 December. The raffle in aid of Christmas senior citizens dinner amounted to €1,169. Thanks to all who supported. A similar bingo will be held on 21 December.

### SYMPATHY

Deepest sympathy to the Lawlor family, Ballykillduff, on the death of Margaret Lawlor, who retired from Dublin to live with her daughter and who died recently. Her burial took place in Clonmore new cemetery after requiem Mass, celebrated by Fr Gahan, PP. May Margaret rest in peace.

### CONFIRMATION

Confirmation will be held in St Mary's Church, Ballyconnell on Friday 23 March 2012.

### PINK RIBBON DAY

Thanks to all who helped and contributed in any way to the recent collection. The amount raised was €1,091.85.

### DECEMBER ANNIVERSARIES

The anniversaries of priests of Clonmore parish, Fr Dermot McDermot and Fr Thomas Stephen McDonald PP, occur around this time. RIP.

### PARISH BINGO

Bingo takes place in Ballyconnell Hall every Sunday night. The snowball now stands at €560. Check on 13 and win €100.

### WHIST DRIVE

A whist drive will be held in St Columba's School in Tullow on Tuesday night at 8.30pm. This event is run by Richard Codd and Aghowle Church of Ireland committee. Good support is appreciated.

### RAFFLE TICKETS

Books of raffle tickets are now on sale to help fund Ballyconnell Hall's new sewage scheme. They are available from all sacristies after weekend Masses. Raffle tickets sold can be brought back into the sacristy

### COUNTY CARLOW HOSPICE

Fundraising for the provision of the Hospice for Carlow continue with building to commence early in the new year. Christmas hamper draw lines are now on sale locally.

### ENROLMENT

Enrolment for level 5 and Level 6 FETAC childcare night classes now taking place in Coláiste Eoin, Hacketstown. Full details from 6471198 or 0874144395.

## Ardattin

CONTACT: DENIS RUSCHITZKO TEL: 086 3276279  
EMAIL: DRUSCHITZKO@EIRCOM.NET



KILBRIDE GFC will hold their annual Christmas draw in The Whitemills on Friday 16 December. There will be a cabaret the same night, no cover charge. Tickets at €2 each or €5 for a book of three are available from any club member or on the night. All are welcome.

### CHRONICLE ON SALE

The Ballon/Rathoe *Chronicle 2011* was launched last weekend and is on sale locally in Ger and Margaret Mellett's. It contains lots of articles of local interest, and at just €8 it is the ideal Christmas gift.

### FIRST COMMUNION

The First Communion programme for children in second class will continue next weekend as follows: Tullow on Saturday 17 December at 7.30pm, Grange on Sunday 18 December at 9.30am and Ardattin on Sunday 18 December at 10.30am.

# Glór Cheatharlach

## Bábóg Baby don Nollaig

Tá béirín beag ar a dtugtar Bábóg Baby ar an saol le bliain anuas agus tá an bréagán idirghníomhach seo ar fáil i siopaí go forleathan an Nollaig seo. Nuair a thug Adrian Devane, fiontraí as Maigh Cuilinn i gContae na Gaillimhe, faoi deara nach raibh a leithéid de bhréagán ar an margadh shochraigh sé an comhlacht Bábógbaby a bhunú. Bhí a iníon Robyn cúpla bliain d'aois agus ní raibh aon bhréagán Gaeilge oiriúnach di ar díol ins na siopaí. Ní raibh ar fáil ach leabhair agus dlúthdhioscaí Gaeilge. Thosaigh Adrian ag obair le dearthóir agus chruthaigh siad suíomh idirghníomhach chun taighde a dhéanamh ar an margadh. Thuigeadar sar i bhfad go mbeadh an-éileamh ar thairge dá leithéid agus tháinig Bábóg Baby ar an saol díreach in am do mhargadh na Nollag anuraidh. Is iomaí gradam fiontraithe atá buaite ag an mbéirín cheana féin, dhá cheann fiú sa Ríocht Aontaithe. Lán de mhisneach agus dóchas tá cruthaitheoir Bábóg Baby ag obair cheana féin ar bhréagáin Ghaeilge eile chomh maith le cartún Gaeilge ina mbeidh an béirín ina phríomhcharachtar.

Is beirín iontach gheite an bréagán ildaite seo atá oiriúnach do bhuachaillí agus do chailíní araon. Tá cnaipí daite ar an mbéirín agus is féidir le páistí uimhreacha, dathanna agus cruthanna a chloisteáil as Gaeilge. Is é glór Robyn, atá cúig bliana d'aois anois, atá ag aithris na bhfocal. Le Bábóg Baby ar fáil ar líne tá na mílte béirín ceannaithe ag daoine ar fud na cruinne. Tá an bréagán ar díol i siopaí móra bréagáin mórthimpeall na tíre agus tá áthas ar Glór Cheatharlach a fhógairt go bhfuil an Bábóg Baby ar díol anois i siopa Lamberts, nuachtánaí ar Shráid Átha Cliath. Buail isteach chun é a fheiceáil duit féin áit a bhfuil rogha álainn de chártaí Nollag as Gaeilge ar díol chomh maith. Is iontach an bronntanas é Bábóg Baby agus is cinnte go ndéanfadh an beirín bronntanas álainn do pháiste ar bith an



Nollaig seo. Agus de réir tuairisce beidh soláthar maith díobh ag Daidí na Nollag i mbliana. Tá tuilleadh eolais faoi Bábóg Baby ar fáil ag [www.babogbaby.com](http://www.babogbaby.com).

Gluais bréagán idirghníomhach iníon dearthóir éileamh nuachtánaí bronntanas

Glossary toy interactive daughter designer demand newsagent gift

## Filíocht agus teastais ag Ócáid na Nollag

Cuirfear fáilte roimh chách ag Ócáid Nollag dhátheangach a reachtáilfear sa Teach Dolmain, Sráid an Tulaigh ar an Déardaoin beag seo, 15 Nollaig ag tosnú ag 7.30i.n. Ar chlár na hoíche beidh filíocht agus ceol, comhrá agus blúiríní blasta. Ag an ócáid seolfar leabhar nua dar teideal Hidden Places-Scathán Eile leis an scríbhneoir áitiúil, Deirdre Brennan. Dhá chnuasach filíochta atá sa leabhar gheite seo, ceann as Gaeilge agus ceann as Béarla. I measc na dtéamaí a phléitear tá an aois, eisimirce, deoraíocht agus tugtar athchuir ar aois na hóige tríd na dánta. Ag an ócáid bronnfar teastais ar rannpháirtithe na gcúrsaí Ghaelchultúir a cuireadh ar fáil i gCeatharlach le linn na bliana.

Is scríbhneoir dátheangach í Deirdre Brennan a scríobhann filíocht, gearrscéalta agus drámaí. I measc a saothair tá ocht gcnuasach filíochta foilsithe aici cheana agus tá a gearrscéalta curtha i gcló i bhfoilseacháin iomráiteacha agus craoladh cuid dá drámaí ar raidió RTÉ 1. 'Sí Caitlín Mhic Cárthaigh, iarphríomhoide Ghaelcholáiste Cheatharlach, a dheanfaidh an leabhar nua a sheoladh agus léifidh an scríbhneoir rogha de na dánta is ansa léi.

Leanfar le ciorcal comhrá chomh maith le seisiún bríomhar de cheol traidisiúnta le ceoltóirí Theach Dolmain. Oíche mhór. Ócáid mhór. Bí ann agus fáilte. Cead isteach saor.

**Gluais:**  
ócáid  
filíocht  
scríbhneoir  
cnuasach  
eisimirce  
foilsithe

**Glossary:**  
occasion  
poetry  
writer  
collection  
emigration  
published

## Grúpa nua Tuistí agus Leanaí

Tá an-áthas ar Glór Cheatharlach a fhógairt go mbunófar grúpa nua Tuistí agus Leanaí i Mí Eanáir 2012. Bualfaidh an grúpa dátheangach le chéile gach maidin Mháirt ó 9.30-11.30 in Ionad Phobail Darach Uir. Cuirfear fáilte roimh thuismitheoirí, sean-thuismitheoirí, feighlithe leanaí agus páistí suas go haois ceithre bliana. Cabhróidh an grúpa leis na daoine fásta cur lena gcuid Ghaeilge féin fhad is a bheidh na páistí ag baint taitnimh as an teanga i suíomh spráúil, neamhfhoirmiúil. Beidh costas €2 in aghaidh an lae. Tuilleadh eolais ó Emma ar [emma@glorcheatharlach.ie](mailto:emma@glorcheatharlach.ie) nó is féidir glaoch a chur uirthi ar (059) 9158105 nó (085) 1340047. Bíg linn agus fáilte.

**Gluais:**  
a fhógairt  
tuistí  
dátheangach  
feighlithe  
spráúil  
tuilleadh

**Glossary:**  
to announce  
parents  
bilingual  
minders  
playful  
additional

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:

**Glór Cheatharlach**

Sráid an Choláiste, Ceatharlach

(059) 9158105 / (085) 1340047

[eolas@glorcheatharlach.ie](mailto:eolas@glorcheatharlach.ie) [www.glorcheatharlach.ie](http://www.glorcheatharlach.ie)  
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!